GCSE

Rewarding Learning

Ábhair Shamplacha Mheasúnaithe GCSE CCEA

Drámaíocht

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017
Le **measúnú** den chéad uair Samhradh 2019
Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019

Cód Ábhair: 5210

Réamhrá

Tá sonraíochtaí nua forbartha ag CCEA a chomhlíonann critéir cháilíochtaí GCSE. Tá na hábhair shamplacha mheasúnaithe seo a théann leis na sonraíochtaí nua á gcur ar fáil le treoir a thabhairt do lárionaid ar struchtúr agus ar thréithe na measúnuithe atá beartaithe roimh an chéad mheasúnú. Is é an aidhm gur cuidiú iad na hábhair shamplacha mheasúnaithe sa leabhrán seo le go dtuigfidh múinteoirí agus daltaí, a oiread agus is féidir, an méid a mbeidh marcálaithe ag dúil leis i bhfreagairtí iarrthóirí ar na cineálacha tascanna agus ceisteanna a chuirfear ina láthair ag leibhéal GCSE. Ba chóir na hábhair shamplacha mheasúnaithe seo a úsáid i gcomhar le sonraíocht GCSE CCEA don Drámaíocht.

LEATHANACH BÁN

Drámaíocht GCSE
Ábhair Shamplacha Mheasúnaithe

Clár Ábhair

Páipéir Shamplacha **3**

Comhpháirt 1: Léiriú Ceaptha – Spreagadh Réamheisiúna 3
Comhpháirt 3: Eolas agus Tuiscint ar Dhrámaíocht 7

Scéimeanna Marcála **13**

Treoracha Ginearálta Marcála 15
Comhpháirt 3: Eolas agus Tuiscint ar Dhrámaíocht 19

Cód Ábhair	5210
QAN	603/1199/X

Foilseachán CCEA © 2017

Is féidir tuilleadh cóipeanna den fhoilseachán seo a íoslódáil ó www.ccea.org.uk

PÁIPÉIR SHAMPLACHA

ROINNTEOIR TOSAIGH

PÁIPÉIR SHAMPLACHA

ROINNTEOIR CÚIL

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2019

Drámaíocht

Comhpháirt 1

Léiriú Ceaptha

[CÓD]

PÁIPÉAR SAMPLACH

Spreagadh Réamheisiúna

Intreoir

Tugtar deis duit sa chomhpháirt seo spreagadh a roghnú, a mbainfidh tú úsáid as mar thúsphointe le léiriú ceaptha a ullmhú agus a chur i láthair. Léireoidh tú do scileanna léirithe **nó** dearaidh trí réadú praiticiúil do chuid smaointe do sprioclucht féachana. Beidh **30 uair an chloig** san iomlán agat le **gach** gné den chomhpháirt seo a chur i gcrích.

Treoracha

Tarraingeoidh tú chugat féin ról **taibheora** (aisteoireacht) **nó** ról **dearthóra** (feisteas, soilsiú, ilmheáin, seit nó fuaim).

Mar **thaibheoir**, measúnófar thú ar:

- do thaibhiú aisteoireachta (5 nóiméad an t-iarrthóir ar a laghad); agus
- do thuairisc oibre.

Mar **dhearthóir**, measúnófar thú ar:

- do dhearadh sa taibhiú (cur i láthair a mhaireann 5-7 mbomaite an t-iarrthóir); agus
- do thuairisc oibre.

Caithfidh tú oibriú i ngrúpa **2–6 dalta**. I ngach grúpa:

- Ba chóir go mbeadh **ar a laghad beirt** thaibheoir ann;
- Níl cead ach ag iarrthóir **amháin** tabhairt faoi ról ar leith dearaidh.

Ba chóir go mairfeadh do thaibhiú **10 nóiméad ar a laghad** do ghrúpaí níos lú agus **chan níos mó ná 30 nóiméad** do ghrúpaí níos mó. Caithfear do thaibhiú nó cur i láthair do dhearaidh a thaifeadadh.

Measúnú

Measúnófar thú ar do thuairisc oibre féin (**20 marc**) agus ar d'ionchur ar leith sa taibhiú deiridh (**30 marc**) trí d'acmhainn:

- Smaointe a chruthú agus a fhorbairt le ciall i leith thaibhiú amharclannaíochta a chur in iúl (CM1);
- agus
- Anailís agus luacháil a dhéanamh ar do chuid oibre féin agus ar obair daoine eile (CM4).

Is é **50** an marc iomlán atá ar fáil don scrúdú seo.

Déanfar tuairisc oibre an dalta faoi choinníollacha rialaithe ag deireadh an phróisis cheaptha. Beidh 10 n-uair a chloig ar a mhéad agat leis an tuairisc a chríochnú. Beidh cead agat úsáid a bhaint as nótaí agus an tuairisc oibre á cur i gcrích agat.

Ba chóir go gcuimseodh tuairisc oibre an dalta na rannáin seo a leanas:

- Rannán 1: Anailís agus luacháil ar **phróiseas ceaptha** an léirithe trí imscrúdú ar ábhar an spreagtha réamheisiúna (Uasmhéid 500 focal);
- Rannán 2: Anailís agus luacháil ar **thionchair ó thaighde** a chuir leis an choincheap fhoriomlán don léiriú cheaptha (Uasmhéid 500 focal); agus
- Rannán 3: Anailís agus luacháil ar **fhéinbhainistiú agus oibriú le daoine eile** (Uasmhéid 1000 focal).

Is féidir leis an tuairisc oibre a bheith lámhscríofa nó déanta ar phróiseálaí focal ag baint úsáid as Arial, clómhéid 12, spásáil aon líne ar pháipéar A4. Féadfaidh íomhánna a bheith ann. Ba chóir go mbeadh bibleagrafaíocht de thagairtí i dtuairisc oibre an dalta le bradaíl a sheachaint; ní chuirfear seo san áireamh i gcuntas na bhfocal agus ní bhronnfar marcanna ar a shon.

Léiriú Ceaptha

Ba chóir duit léiriú ceaptha a chruthú a mheallann sprioclucht féachana roghnaithe ag baint úsáid as **ceann amháin** de na spreagthaí seo a leanas mar thúsphointe.

Téama an 'ama'

Nó

An t-úrscéal *Alice In Wonderland* le Lewis Carroll

Nó

Íomhánna d'Ealaín Sráide

LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2019

Drámaíocht

Comhpháirt 3:

Eolas agus Tuiscint ar Dhrámaíocht

[CÓD]

PÁIPÉAR SAMPLACH

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil. Scríobh do fhreagraí ar an Leabhrán Freagraí.
Freagair **gach** ceist ar an dráma atá roghnaithe agat.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é **80** an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **gceisteanna 1(a), 1(b), 2(b), 3(b) agus 3(c)**.
Tá cead agat úsáid a bhaint as cóip ghlan de do théacs dualgais don scrúdú seo.

LEATHANACH BÁN

Téacs atá leagtha síos

Russell: ***Blood Brothers***

Scríobh do fhreagraí ar cheisteanna 1, 2 agus 3 ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.

Russell: ***Blood Brothers***

1 Caith tuairim ar 20 nóiméad ar cheisteanna 1(a) agus 1(b).

(a) Tabhair achoimre ar na smaointe a ndearna tú taighde orthu do léiriú de ***Blood Brothers*** ag tagairt do:

- comhthéacs stairiúil an dráma; agus
- foirm agus stíl an dráma [6]

(b) Ag tagairt d'imeacht bheo nó taifeadta amharclainne atá feicthe agat, mol smaoineamh amháin soilsithe a thiocfadh leat cur isteach i do léiriú.

- Scríobh síos teideal an imeachta amharclainne a chonaic tú;
- cuir síos ar an smaoineamh ón imeacht seo
- déan anailís ar an dóigh a dtiocfadh leat úsáid a bhaint as an smaoineamh seo i do théacs dualgais; agus
- luacháil cad é atá tú ag súil le baint amach do do lucht féachana. [12]

2 Caith tuairim ar 30 nóiméad ar cheisteanna 2(a) agus 2(b).

(a) Tarraing agus cuir lipéid ar sceitse feistis de **Sammy** i nGníomh II nuair atá sé ar an bhus agus sula dtugann sé amach scian.

Ba chóir duit tagairt do:

- dath, cruth, ábhair, smideadh; agus
- aon oiriúintí cuí agus aon fhearais phearsanta chuí (fearas stáitse). [12]

(b) Seas leis na smaointe a roghnaigh tú le cur i láthair i bpáirt (a).

Ba chóir duit na rudaí seo a leanas a chuimsiú:

- an tréimhse ina bhfuil an dráma suite;
- stádas sóisialta an charachtair; agus
- sliocht **amháin** cuí le tacú le do fhreagra. [12]

3 Caith tuairim ar 40 nóiméad ar cheisteanna 3(a), 3(b) agus 3(c).

Amharc ar na línte ó Ghníomh 1, díreach i ndiaidh Ceol 15 nuair atá Mrs Lyons ag caint lena fear céile sa ghairdín.

Mrs Lyons: 'O Richard, Richard.' go dtí
Mrs Lyons: '...I feel that something terrible will happen, something bad.'

(14 líne téacs)

(a) Tarraing plean stáitse don tsliocht a chuimsíonn:

- imeachtaí agus teacht isteach;
- seit;
- suíomh an lucht féachana; agus
- suíomh na gcarachtar sna línte tosaigh. [10]

(b) Mar léiritheoir, tabhair comhairle do na haisteoirí ar an dóigh a bhféadfadh siad an sliocht a thaibhléiriú. I do fhreagra, déan tagairt:

- don atmaisféar agus don chomhthéacs;
- d'úsáid smaoinimh amháin don réamhchleachtadh; agus
- don téacs. [14]

(c) Mar aisteoir ag déanamh páirt Mrs Lyons, tabhair samplaí den dóigh a mbainfeá úsáid as **gotha gnúise** i dtaibhléiriú an tsleachta. Déan tagairt díreach don téacs. [14]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

SCÉIMEANNA MARCÁLA
ROINNTEOIR TOSAIGH

PÁIPÉIR SHAMPLACHA ROINNTEOIR CÚIL

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

2019

Drámaíocht

TREORACHA GINEARÁLTA MARCÁLA

Treoracha Ginearálta Marcála

Intreoir
Is é príomhchuspóir scéimeanna marcála a chinntiú go marcáiltear na scrúduithe GCSE go beacht, go comhsheasmhach agus go cothrom. Sa scéim mharcála, tugtar léiriú do scrúdaitheoirí ar chineál agus ar réimse de fhreagraí iarrthóirí ar dócha gur fiú creidiúint iad. Leagtar amach iontu fosta na critéir ba chóir dóibh a fheidhmiú agus iad ag tabhairt marcanna ar fhreagraí iarrthóirí.

Cuspóirí measúnaithe
Thíos tá na cuspóirí measúnaithe don Drámaíocht GCSE.

Caithfidh iarrthóirí:

CM1 smaointe a chruthú agus a fhorbairt le ciall i leith thaibhiú amharclannaíochta a chur in iúl;
CM2 scileanna amharclainne a chur i bhfeidhm le hintinní ealaíne a bhaint amach i dtaibhiú beo;
CM3 eolas agus tuiscint a léiriú ar an dóigh a ndéantar an drámaíocht agus an amharclannaíocht a fhorbairt agus a léiriú; agus
CM4 anailís a dhéanamh ar a saothar féin agus ar shaothar daoine eile agus iad a luacháil.

Caighdeán fhreagairtí na n-iarrthóirí
Nuair a bhíonn siad ag marcáil scrúdpháipéar, ba chóir do scrúdaitheoirí cáilíocht freagartha a lorg a léiríonn an leibhéal aibíochta a mbeifí ag dúil leis, ar bhonn réasúnta, a bheadh ag dalta 16 bliana d'aois óir is é sin an aois atá ag formhór iarrthóirí scrúduithe GCSE.

Solúbthacht sa mharcáil
Níltear ag dúil le scéimeanna marcála bheith iomlán saintreorach. Ní thig le scéim mharcála ar bith gach freagairt a thabharfadh iarrthóir a chlúdach. I gcás freagraí nach rabhthas ag súil leo, bítear ag dúil le scrúdaitheoirí a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid le bailíocht freagraí a mheas. Má tá fadhb ar leith ag baint le freagra, ba chóir do scrúdaitheoirí treoir a iarraidh ar an Phríomh-Scrúdaitheoir.

Marcáil dhearfach
Moltar do scrúdaitheoirí bheith dearfach agus iad ag marcáil, agus creidiúint chuí a thabhairt don méid atá ar eolas ag daltaí, an méid a thuigeann siad agus an méid a thig leo a dhéanamh seachas pionós a ghearradh orthu as earráidí nó as easnaimh. Ba chóir do scrúdaitheoirí feidhm a bhaint as réimse iomlán na marcanna atá ar fáil in aon cheist ar leith agus bheith sásta iomlán marcanna a bhronnadh ar fhreagairt atá chomh maith is a mbeifí ag dúil leis, ar bhonn réasúnta, ó iarrthóir GCSE 16 bliana d'aois.

Gan aon mharc a bhronnadh
Is ar fhreagraí bailí agus ar fhreagairtí bailí amháin ba chóir marcanna a bhronnadh agus níor chóir marcanna a bhronnadh ar fhreagra atá go huile agus go hiomlán contráilte nó míchuí.

Cineálacha scéimeanna marcála
Marcáiltear tascanna nó ceisteanna inar gá d'iarrthóirí freagairt shínte scríofa a thabhairt ar bhonn leibhéil freagraí a chuireann san áireamh cáilíocht na cumarsáide scríofa.

Ceisteanna eile nach bhfuil ach freagraí gairide de dhíth orthu, marcáiltear iad ar bhonn pointe ar phointe le marcanna bronnta ar gach píosa bailí eolais a chuirtear ar fáil.

Leibhéil freagartha
Tascanna agus ceisteanna a éilíonn ar iarrthóirí scríbhneoireacht shínte mar fhreagairt, déantar iad a mharcáil i dtéarmaí leibhéil freagartha. Agus cinneadh á dhéanamh acu ar an leibhéal freagartha atá le bronnadh, ba chóir do scrúdaitheoirí an 'oiriúint is fearr' a chuardach, ag cur san áireamh gur féidir laige i réimse amháin a chúiteamh le láidreacht i réimse eile. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar mharc le bronnadh ar fhreagairt taobh istigh de leibhéal ar leith, táthar ag dúil le go mbainfidh scrúdaitheoirí úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil. D'fhonn cuidiú le scrúdaitheoirí atá an treoir a leanas.

Feidhmíocht tairsí: Freagairt a thuilleann creidiúint sa leibhéal más ar éigean agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi ag bun an raoin nó in aice leis sin.
Feidhmíocht idirmheánach: Freagairt a thuilleann go follasach creidiúint sa leibhéal agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi i lár an raoin nó in aice leis sin.
Ardfheidhmíocht: Freagairt a chomhlíonann go hiomlán an cur síos leibhéil agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi ag barr an raoin nó in aice leis sin.

Caighdeán na cumarsáide scríofa
Cuirtear caighdeán na cumarsáide scríofa san áireamh nuair a bhítear ag measúnú freagairtí iarrthóirí ar gach tasc agus ar gach ceist inar gá dóibh freagairt a thabhairt i bhfoirm shínte scríofa. Marcáiltear na tascanna agus na ceisteanna seo ar bhonn leibhéil freagartha. Tá tagairt do chaighdeán na cumarsáide scríofa sa chur síos ar gach leibhéal freagartha.

Ar mhaithe le gontacht, idirdhealaítear caighdeán na cumarsáide scríofa taobh istigh de leibhéil freagartha mar seo a leanas:

Leibhéal 1: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa teoranta.
Leibhéal 2: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa sásúil.
Leibhéal 3: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa maith.
Leibhéal 4: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa ar fheabhas.

Agus léirmhíniú á dhéanamh acu ar gach cur síos ar leibhéal, ba chóir do scrúdaitheoirí tagairt a dhéanamh don treoir thíos atá níos mionsonraithe:

Leibhéal 1 (Teoranta): Ní dhéanann an t-iarrthóir ach rogha agus úsáid teoranta d'fhoirm agus de stíl chuí scríbhneoireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhsheasmhachta in eagrú ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. Is féidir nach bhfuil an chiall soiléir mar gheall ar chur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach.

Leibhéal 2 (Sásúil): Déanann an t-iarrthóir rogha agus úsáid sásúil d'fhoirm agus de stíl chuí scríbhneoireachta. Léiríonn eagrú an ábhair soiléire agus comhleanúnachas áirithe.
Is beag úsáid a bhaintear as sainfhoclóir. B'fhéidir nach mbeadh an chiall i gcónaí soiléir mar gheall ar chur i láthair, litriú, phoncaíocht agus ghramadach.

Leibhéal 3 (Maith): Déanann an t-iarrthóir rogha agus úsáid réasúnta d'fhoirm agus de stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais. Baintear roinnt úsáid as sainstór cuí focal. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 (Ar Fheabhas): Éiríonn leis an iarrthóir an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht a roghnú agus a úsáid. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór cuí focal. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ag caighdeán ard go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2019

Drámaíocht

Comhpháirt 3:

Eolas agus Tuiscint ar Dhrámaíocht

[CÓD]

PÁIPÉAR SAMPLACH

SCÉIM MHARCÁLA

Greille Measúnaithe do Cheist 1 (a) (CM3)

Banda Marcála 1	Banda Marcála 2	Banda Marcála 3	Banda Marcála 4
I dtaca leis an téacs dualgais de, déanfaidh iarrthóirí tagairt teoranta don: • comhthéacs stairiúil; agus • foirm agus stíl. Tá caighdeán na cumarsáide scríofa teoranta agus cuirtear an chiall in iúl le heaspa soiléire. **[1]**	I dtaca leis an téacs dualgais de, déanfaidh iarrthóirí tagairt shásúil don: • comhthéacs stairiúil; agus • foirm agus stíl. Tá caighdeán na cumarsáide scríofa sásúil agus cuirtear an chiall in iúl le soiléire áirithe. **[2]–[3]**	I dtaca leis an téacs dualgais de, déanfaidh iarrthóirí tagairt mhaith don: • comhthéacs stairiúil; agus • foirm agus stíl. Tá caighdeán na cumarsáide scríofa maith agus cuirtear an chiall in iúl go soiléir den mhórchuid. **[4]–[5]**	I dtaca leis an téacs dualgais de, déanfaidh iarrthóirí tagairt bheacht, chuimsitheach don: • comhthéacs stairiúil; agus • foirm agus stíl. Tá caighdeán na cumarsáide scríofa ar fheabhas agus cuirtear an chiall in iúl go soiléir. **[6]**
Bronn [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í.			

Greille Measúnaithe do Cheist 1 (b)

Banda Marcála 1	Banda Marcála 2	Banda Marcála 3	Banda Marcála 4
Léireoidh iarrthóirí eolas agus tuiscint teoranta ar an dóigh ar cuireadh dearadh i láthair san imeacht bheo nó taifeadta. (CM3) Is teoranta anailís an iarrthóra ar chur i bhfeidhm smaoinimh dearaidh ar an téacs dualgais. (CM4) Is teoranta luacháil an tionchair ar an lucht féachana. (CM4) Tá caighdeán na cumarsáide scríofa teoranta agus cuirtear an chiall in iúl le heaspa soiléire. **[1]–[3]**	Léireoidh iarrthóirí eolas agus tuiscint sásúil ar an dóigh ar cuireadh dearadh i láthair san imeacht bheo nó taifeadta. (CM3) Is bunúsach anailís an iarrthóra ar chur i bhfeidhm smaoinimh dearaidh ar an téacs dualgais. (CM4) Is bunúsach luacháil an tionchair ar an lucht féachana. (CM4) Tá caighdeán na cumarsáide scríofa sásúil agus cuirtear an chiall in iúl le soiléire áirithe. **[4]–[6]**	Léireoidh iarrthóirí eolas agus tuiscint mhaith ar an dóigh ar cuireadh dearadh i láthair san imeacht bheo nó taifeadta. (CM3) Is maith anailís an iarrthóra ar chur i bhfeidhm smaoinimh dearaidh ar an téacs dualgais. (CM4) Is maith luacháil an tionchair ar an lucht féachana. (CM4) Tá caighdeán na cumarsáide scríofa maith agus cuirtear an chiall in iúl go soiléir den mhórchuid. **[7]–[9]**	Léireoidh iarrthóirí eolas agus tuiscint bheacht, chuimsitheach ar an dóigh ar cuireadh dearadh i láthair san imeacht bheo nó taifeadta. (CM3) Is léirsteanach agus is samhlaíoch anailís an iarrthóra ar chur i bhfeidhm smaoinimh dearaidh ar an téacs dualgais. (CM4) Is beacht agus is cuimsitheach luacháil an tionchair ar an lucht féachana. (CM4) Tá caighdeán na cumarsáide scríofa ar fheabhas agus cuirtear an chiall in iúl go soiléir. **[10]–[12]**
Bronn [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í.			

Greille Measúnaithe do Cheist 2 (a) (CM3)

Banda Marcála 1	Banda Marcála 2	Banda Marcála 3	Banda Marcála 4
Beidh sceitse feistis lipéadaithe an iarrthóra teoranta agus/nó míchuí. Beidh tagairt teoranta nó ní bheidh tagairt ar bith do dhath, cruth, ábhair, smideadh, oiriúintí agus fearas stáitse. **[1]–[3]**	Beidh sceitse feistis lipéadaithe an iarrthóra sásúil, cuí. Beidh tagairt sásúil do dhath, cruth, ábhair, smideadh, oiriúintí agus fearas stáitse. **[4]–[6]**	Beidh sceitse feistis lipéadaithe an iarrthóra soiléir, mionsonraithe. Beidh tagairt mhaith do dhath, cruth, ábhair, smideadh, oiriúintí agus fearas stáitse. **[7]–[9]**	Beidh sceitse feistis lipéadaithe an iarrthóra beacht, samhlaíoch. Beidh tagairt chuimsitheach, léirsteanach do dhath, cruth, ábhair, smideadh, oiriúintí agus fearas stáitse. **[10]–[12]**
Bronn [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í.			

Greille Measúnaithe do Cheist 2 (b) (CM3)

Banda Marcála 1	Banda Marcála 2	Banda Marcála 3	Banda Marcála 4
Léireoidh fírinniú smaointe tuiscint teoranta ar thréimhse agus stádas sóisialta, ar dhath, cruth, ábhair, smideadh, oiriúintí agus fearas stáitse. Beidh tagairt teoranta ann don téacs agus do charachtar. Tá caighdeán na cumarsáide scríofa teoranta agus cuirtear an chiall in iúl le heaspa soiléire. **[1]–[3]**	Léireoidh fírinniú smaointe tuiscint sasúil ar thréimhse agus stádas sóisialta, ar dhath, cruth, ábhair, smideadh, oiriúintí agus fearas stáitse. Beidh tagairt sásúil ann don téacs agus do charachtar. Tá caighdeán na cumarsáide scríofa sásúil agus cuirtear an chiall in iúl le soiléire áirithe. **[4]–[6]**	Léireoidh fírinniú smaointe tuiscint mhaith ar thréimhse agus stádas sóisialta, ar dhath, cruth, ábhair, smideadh, oiriúintí agus fearas stáitse. Beidh tagairt mhaith ann don téacs agus do charachtar. Tá caighdeán na cumarsáide scríofa maith agus cuirtear an chiall in iúl go soiléir den mhórchuid. **[7]–[9]**	Léireoidh fírinniú smaointe tuiscint bheacht, chuimsitheach ar thréimhse agus stádas sóisialta, ar dhath, cruth, ábhair, smideadh, oiriúintí agus fearas stáitse. Beidh tagairt bheacht, chuimsitheach ann don téacs agus do charachtar. Tá caighdeán na cumarsáide scríofa ar fheabhas agus cuirtear an chiall in iúl go soiléir. **[10]–[12]**
Bronn [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í.			

Greille Measúnaithe do Cheist 3 (a) (CM3)

Banda Marcála 1	Banda Marcála 2	Banda Marcála 3	Banda Marcála 4
Cuirfidh iarrthóirí plean stáitse i láthair a bhfuil mionsonraí teoranta ann i dtaca le: • imeachtaí agus teacht isteach; • seit; • suíomh an lucht féachana; agus • suíomh na gcarachtar ar an stáitse. **[1]–[3]**	Cuirfidh iarrthóirí plean stáitse i láthair a bhfuil mionsonraí sásúla ann i dtaca le: • imeachtaí agus teacht isteach; • seit; • suíomh an lucht féachana; agus • suíomh na gcarachtar ar an stáitse. **[4]–[5]**	Cuirfidh iarrthóirí plean stáitse i láthair a bhfuil mionsonraí maithe ann i dtaca le: • imeachtaí agus teacht isteach; • seit; • suíomh an lucht féachana; agus • suíomh na gcarachtar ar an stáitse. **[6]–[7]**	Cuirfidh iarrthóirí plean stáitse i láthair a bhfuil mionsonraí beachta, cuimsitheacha ann i dtaca le: • imeachtaí agus teacht isteach; • seit; • suíomh an lucht féachana; agus • suíomh na gcarachtar ar an stáitse. **[8]–[10]**
Bronn [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í.			

Greille Measúnaithe do Cheist 3 (b)

Banda Marcála 1	Banda Marcála 2	Banda Marcála 3	Banda Marcála 4
Beidh comhairle an stiúrthóra teoranta agus/nó míchuí. (CM3) Beidh tagairt teoranta ann do mhodh agus do chomhthéacs. (CM3) Nochtfaidh úsáid smaoinimh amháin don chleachtadh tuiscint teoranta ar an dóigh a ndéanfadh na haisteoirí an sliocht. (CM4) Beidh tagairt teoranta ann don téacs nó ní bheidh tagairt ar bith ann dó. (CM3) Tá caighdeán na cumarsáide scríofa teoranta agus cuirtear an chiall in iúl le heaspa soiléire. **[1]–[3]**	Beidh comhairle an stiúrthóra sásúil agus cuí. (CM3) Beidh tagairt áirithe ann do mhodh agus do chomhthéacs. (CM3) Léireoidh úsáid smaoinimh amháin don chleachtadh tuiscint áirithe ar an dóigh a ndéanfadh na haisteoirí an sliocht. (CM4) Beidh tagairt sásúil ann don téacs. (CM3) Tá caighdeán na cumarsáide scríofa sásúil agus cuirtear an chiall in iúl le soiléire áirithe. **[4]–[7]**	Beidh comhairle an stiúrthóra maith. (CM3) Beidh tagairt soiléir, mhionsonraithe ann do mhodh agus do chomhthéacs. (CM3) Léireoidh úsáid smaoinimh amháin don chleachtadh tuiscint mhaith ar an dóigh a ndéanfadh na haisteoirí an sliocht. (CM4) Beidh tagairt mhaith ann don téacs. (CM3) Tá caighdeán na cumarsáide scríofa maith agus cuirtear an chiall in iúl go soiléir den mhórchuid. **[8]–[11]**	Beidh comhairle an stiúrthóra léirsteanach agus samhlaíoch. (CM3) Beidh tagairt bheacht, chuimsitheach ann do mhodh agus do chomhthéacs. (CM3) Léireoidh úsáid smaoinimh amháin don chleachtadh tuiscint chuimsitheach, léirsteanach ar an dóigh a ndéanfadh na haisteoirí an sliocht. (CM4) Beidh tagairt mhionsonraithe ann don téacs. (CM3) Tá caighdeán na cumarsáide scríofa ar fheabhas agus cuirtear an chiall in iúl go soiléir. **[12]–[14]**
Bronn [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í.			

Greille Measúnaithe do Cheist 3 (c)

Banda Marcála 1	Banda Marcála 2	Banda Marcála 3	Banda Marcála 4
Léireoidh an t-iarrthóir eolas agus tuiscint teoranta ar an dóigh a mbaineann carachtar úsáid as gotha gnúise sa léiriú. (CM4) Ní bheidh tagairt ar bith ann don téacs. (CM3) Tá caighdeán na cumarsáide scríofa teoranta agus cuirtear an chiall in iúl le heaspa soiléire. **[1]–[3]**	Léireoidh an t-iarrthóir eolas agus tuiscint bhunúsach ar an dóigh a mbaineann carachtar úsáid as gotha gnúise sa léiriú. (CM4) Beidh tagairt áirithe ann don téacs. (CM3) Tá caighdeán na cumarsáide scríofa sásúil agus cuirtear an chiall in iúl le soiléire áirithe. **[4]–[7]**	Léireoidh an t-iarrthóir eolas agus tuiscint mhaith ar an dóigh a mbaineann carachtar úsáid as gotha gnúise sa léiriú. (CM4) Beidh an tagairt don téacs soiléir. (CM3) Tá caighdeán na cumarsáide scríofa maith agus cuirtear an chiall in iúl go soiléir den mhórchuid. **[8]–[11]**	Léireoidh an t-iarrthóir eolas agus tuiscint léirsteanach, samhlaíoch ar an dóigh a mbaineann carachtar úsáid as gotha gnúise sa léiriú. (CM4) Beidh an tagairt don téacs mionsonraithe. (CM3) Tá caighdeán na cumarsáide scríofa ar fheabhas agus cuirtear an chiall in iúl go soiléir. **[12]–[14]**
Bronn [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í.			

Russell: *Blood Brothers*

Ba chóir an t-inneachar táscach thíos a léamh i gcomhar leis na Greillí Measúnaithe.

1 (a) Féadfaidh iarrthóirí tagairt do chuid de na rudaí

seo a leanas: Comhthéacs stairiúil:

- Scríobhadh an dráma sna 1980idí
- Bhí Russell ina chónaí i Learpholl agus scríobh sé faoin lucht oibre ar fhás sé aníos ina gcuideachta
- Tá sé suite i Learpholl le linn Margaret Thatcher a bheith ina Príomh-Aire
- D'fhabhraigh an ceolseó de réir mar a chum Russell na hamhráin
- Léiríodh den chéad uair é i meánscoil i Learpholl sa bhliain 1982 agus ansin sa Liverpool Playhouse sa bhliain 1983
- agus léirigh Bill Kenwright sa West End é sa bhliain 1988

Form and style:

- Tá dhá ghníomh ann
- Ceolseó
- Tosaíonn an dráma le hathléiriú den radharc deiridh
- Eachtraí Greannmhara agus eachtraí Tragóideacha
- Suite i Learpholl le linn tréimhse thar 20 bliain
- Scríofa sa chanúint áitiúil i ngnáthchaint na tréimhse sin
- Nascann tráchtaire imeacht ama

Ba chóir creidiúint a thabhairt do smaointe eile cuí a bhfuil údar leo. [6]

(b) Féadfaidh iarrthóirí tagairt do chuid de na rudaí seo a leanas:

- Teideal an dráma scríofa
- Cur síos ar an tsoilsiú a fhéadfaidh an chuid den stáitse inár baineadh úsáid as an tsoilsiú; úsáid datha, déine, cruth, góbó, ruagaire, stróbascóp nó aon smaoineamh eile cuí don tsoilsiú a chuimsiú
- Smaoineamh a chur i bhfeidhm ar ***Blood Brothers***
- Luacháil ar an méid atá an t-iarrthóir ag súil le baint amach [12]

2 (a) Ina sceitse agus ina lipéadú, féadfaidh iarrthóirí tagairt do chuid de na rudaí seo a leanas:

- Bríste nó géin agus T-léine bhán nó léine atá oscailte ag an mhuinéal
- Seaicéad, seaicéad deinime nó seaicéad dubh leathair
- Buataisí dubha leathair, bróga nó lásáilte, bróga reatha canbháis
- Gruaig ghiobach na 70í
- Uaireadóir rosta
- Ábhair de dhroch-chaighdeán mar bheadh ag an lucht oibre
- Scian i bhfolach i bpóca taobh istigh [12]

(b) Sa pharagraf ghairid, ba chóir d'iarrthóirí na rudaí seo a leanas a chuimsiú:

- Tréimhse – mall sna 1970idí, Learpholl
- Feisteas do dhéagóir dífhostaithe den lucht oibre, 16 bliana d'aois
- Údar le smaointe don fheisteas
- Athfhriotal cuí do radharc ar leith agus ráiteas [12]

3 **(a)** Féadfaidh iarrthóirí tagairt do chuid de na rudaí seo a leanas:

- Slíte amach ar chúlstáitse ar dheis agus ar chlé agus chun tosaigh ar an stáitse ar dheis agus ar chlé
- Inmheabhrú éigin a bheith taobh amuigh
- Lucht féachana suite taobh thiar d'aghaidh an stáitse chun tosaigh
- Linda suite taobh le Mickey [10]

(b)

- Tá an t-atmaisféar sa radharc seo tochtmhar, corrach, nó tá Mrs Lyons ag éirí histéireach ar an ábhar nach dtig léi teacht ar Edward agus tá Mr Lyons corraithe, beagnach feargach ach, ina dhiaidh sin, tá sé buartha faoina bhean.
- Tá an radharc suite i ngairdín na Lyons agus is é an comhthéacs atá ann gur ghair Mrs Lyons ar a fear céile teacht abhaile óna chuid oibre ar an ábhar nach dtig léi teacht ar Edward
- Eolas a thabhairt agus úsáid a bhaint as smaoineamh cuí amháin don chleachtadh
- Gluaiseann rudaí ar aghaidh go gasta agus scairteann Mr Lyons 'Edward' i rith an radhairc
- Tá imní ar Mrs Lyons agus tá dreach buartha uirthi. Bogann sí thart an gairdín go scaollmhar
- Tá an caidreamh idir an fear céile agus a bhean briste agus tá Mr Lyons corraithe nuair a deir sé 'For Christ's sake....' ach is mó atá sé buartha nuair a deir sé 'Perhaps we should be talking about you getting something for your nerves.'
- Éiríonn Mrs Lyons níos fulangaí ach fáidhiúil nuair a deir sí 'It just....just this place....' agus mothaíonn sí níos gruama arís nuair a deir sí '....I feel that something terrible will happen....' [14]

(c)

- Tá gothaí gnúise Mrs Lyons an-tábhachtach sa radharc seo nó buaileann an iomad mothúchán éagsúil í a léireofaí ar a haghaidh
- An chéad líne aici 'Oh Richard, Richard....' leathansúileach b'fhéidir agus a béal oscailte
- 'I don't care, I don't care....' athraíonn sí go headan roicneach agus cuireann sí cár uirthi féin agus í ag caoineadh
- Nuair a deir sí ''...I hate it.' agus '...I want to move.' Labhraíonn sí trína fiacla agus tá an fhearg le feiceáil ina súile agus a béal teann
- Sna línte deireanacha aici '....something terrible....something bád.' Athraíonn a cuma go dreach taibhsiúil, cráite, na malaí ardaithe agus na súile lánoscailte.

Caithfidh iarrthóirí tagairt go díreach don téacs. [14]

Ba chóir creidiúint a thabhairt do smaointe eile cuí a bhfuil údar leo.

© CCEA 2017

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44 (0)28 9026 1200 Fax: +44 (0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning